An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán Uimhir: 0054/2023**

**Chuig:** Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Baill Foirne Teagaisc Iar-bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).

# Forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam agus le measúnú ag an tSraith Shinsearach agus tagairt ar leith do na scoilbhlianta 2023/24 ar aghaidh

# Clár


**1. Réamhrá** ........ 3

**2. Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe Teistiméireachta 2024** ........ 3

**3. Leasuithe ar Shonraíocht Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta** ........ 3

**4. Creat Chorpoideachais na Sraithe Sinsearaí (nach féidir a chur faoi scrúdú)** ........ 4

**5. OSPS na Sraithe Sinsearaí** ........ 5

**6. An Úcráinis mar theanga neamhchuraclaim** ........ 5

**7. Tuairisc suas chun dáta maidir le Gairmchlár na hArdteistiméireachta** ........ 5

**8. Tuairisc suas chun dáta maidir leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach** ........ 6

**9. Forbairt ar mhodúil leantacha na Sraithe Sinsearaí do scoláirí atá ag dul ar aghaidh ó Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí** ........ 6

**10. Ráiteas Leasaithe ar Chlár na hIdirbhliana** ........ 6

**11. Uasdátuithe amach anseo ar shocruithe curaclaim agus measúnaithe na Sraithe Sinsearaí** ........ 7

## 1. Réamhrá

Is é is aidhm don chiorclán seo a chur in iúl d'iar-bhunscoileanna faoi fhorbairtí a bhaineann leis an gcuraclam agus le measúnú ag an tSraith Shinsearach, agus tagairt ar leith do na scoilbhlianta 2023/24 ar aghaidh.

Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta, Príomhoidí na scoileanna dara leibhéal uile, scoileanna speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh (PF) na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) uile a chinntiú go gcuirtear an ciorclán seo faoi bhráid na múinteoirí uile láithreach bonn. Chomh maith leis sin, iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go gcuirtear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí faoi ghnéithe ábhartha an chiorcláin seo.

Leanann an ciorclán seo ciorclán 0070/2020.

## 2. Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe Teistiméireachta 2024

Aithníonn an Roinn nach mór breithnithe measúnaithe a chur san áireamh do scoláirí atá ag déanamh Scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2024 mar gheall ar an gcur isteach ar an bhfoghlaim a tharla don chohórt seo de bharr phaindéim COVID-19. Dá réir sin, rinneadh athruithe ar na socruithe measúnaithe don Ardteistiméireacht Sheanbhunaithe, don Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta do scrúduithe stáit 2024.

Tá sonraí faoi na socruithe measúnaithe leasaithe ar fáil anseo.

## 3. Leasuithe ar Shonraíocht Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta

The Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta (REAT) ar fáil go náisiúnta mar ábhar roghnach ó mhí Mheán Fómhair 2020. I mí na Bealtaine 2023, chuir an CNCM athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm REAT i gcrích. Tá an tuarascáil deiridh den athbhreithniú seo ar fáil anseo.

Ag eascairt as an athbhreithniú luath ar an gcur i bhfeidhm, rinneadh na hathruithe seo a leanas ar shonraíocht REAT. Bainfidh an tsonraíocht leasaithe le scoláirí atá ag dul isteach go dtí an 5ú bliain in 2023 agus ar aghaidh[1]:

---

[1] Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil coigeartuithe i bhfeidhm do scoilbhliain 2023/24 mar thoradh ar an gcur isteach ar an taithí foghlama de bharr phaindéim COVID-19. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na coigeartuithe ar leith don REAT ar fáil anseo.

- Is é Python an t-aon teanga ríomhchláraithe a ndéanfar measúnú uirthi sa mheasúnú ag deireadh an chúrsa. Leanfar ag déanamh measúnaithe ar Python agus ar Javascript sa mheasúnú obair chúrsa.
- Eiseofar treoir tionscadail obair chúrsa na Ríomheolaíochta i dtreo dheireadh théarma 1 den dara bliain den chúrsa, agus beidh deich seachtaine ar fáil chun an measúnú obair chúrsa a chur i gcrích.
- Rinneadh leasú freisin ar théacs na sonraíochta agus tá soiléireacht níos fearr ann maidir leis an bhformáid reatha den mheasúnú le haghaidh teastasaithe ag deireadh an chúrsa. Ó thaobh struchtúr an scrúdaithe scríofa, in ionad an téacs 'measúnú ríomhaire-bhunaithe ar thorthaí foghlama' tá 'measúnú **scríofa agus** ríomhaire-bhunaithe ar thorthaí foghlama'. Níl aon impleachtaí ag an athrú seo ar struchtúr an mheasúnaithe.

Tá leagan leasaithe den tsonraíocht ar fáil ar curriculumonline.ie.

## 4. Creat Chorpoideachais na Sraithe Sinsearaí (nach féidir a chur faoi scrúdú)

Meabhraítear do scoileanna nach mór an deis a thabhairt do scoláirí uile na sraithe sinsearaí chun staidéar a dhéanamh ar Chorpoideachas ar chumas éigin. Go sonrach, is gá do scoileanna a chinntiú go bhfuil tréimhse ranga dhúbailte (80 nóiméad san iomlán in aghaidh na seachtaine), nó a comhionann, de Chorpoideachas ar an gclár ama do scoláirí uile na sraithe sinsearaí. Ní mór do scoileanna a fheidhmíonn clár ama uair an chloig a chinntiú go gcuirtear ar fáil an leithdháileadh ama.

Ó mhí Mheán Fómhair 2020, tháinig Creat Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí (COSS) in áit na dtreoirlínte a bhí leagtha amach sna Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna. Tá an Creat deartha chun tacú le múinteoirí agus foghlaim cháilíochta á pleanáil sa Chorpoideachas do na scoláirí uile sa tsraith shinsearach.

Cuidíonn an creat nach féidir a chur faoi scrúdú le scoileanna clár corpoideachais a dhearadh do scoláirí na sraithe sinsearaí, lena n-áirítear scoláirí nach ndéanann Corpoideachas nó a roghnaíonn gan Corpoideachas a dhéanamh mar ábhar do scrúdú na hArdteistiméireachta. Tá an creat deartha chun solúbthacht agus rogha shuntasach a chur ar fáil do na scoileanna agus do na scoláirí aonair araon maidir lena chur i bhfeidhm.

Má tá scoláire ag déanamh staidéir ar shonraíocht roghnach an COAT, ní gá dó/di staidéar a dhéanamh ar chreat COSS freisin, cé nach bhfuil cosc air seo.

Tá léargas ginearálta curtha ar fáil ag Oide de na roghanna curaclaim agus acmhainní tacaíochta le Creat Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí a phleanáil agus a theagasc, atá ar fáil ar www.scoilnet.ie.

## 5. OSPS na Sraithe Sinsearaí

Tá sonraíocht á forbairt ag an CNCM d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na Sraithe Sinsearaí, a bheidh ar fáil i mí Mheán Fómhair 2024. Tá an dréachtsonraíocht ar fáil faoi láthair le haghaidh comhairliúchán poiblí go dtí an 3ú Samhain 2023. Tá an dréachtsonraíocht, agus sonraí maidir leis an gcomhairliúchán poiblí, ar fáil anseo.

## 6. An Úcráinis mar theanga neamhchuraclaim

Tá an Úcráinis á tabhairt isteach mar theanga neamhchuraclaim. Mar theanga neamhchuraclaim, beidh an rogha ag scoláirí a bheith curtha faoi scrúdú san Úcráinis má chomhlíonann siad critéir áirithe. Tá sonraí faoi na critéir sin ar fáil anseo. Beidh an chéad scrúdú ar fáil do scoláirí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh, 2025.

## 7. Tuairisc suas chun dáta maidir le Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Gné thábhachtach d'eispéireas na Sraithe Sinsearaí ná scoláirí na Sraithe Sinsearaí a ullmhú don saol oibre agus an chastacht ar fad a bhaineann leis.

I scoileanna a thairgeann Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), is féidir le scoláirí atá ag tosú sa chúigiú bliain rochtain a dhéanamh anois ar Nascmhodúil GCAT (Ag Ullmhú don Saol Oibre agus don Oideachas Fiontraíochta) gan na critéir ghrúpála gairmábhar ná riachtanais na Nuatheangacha Eorpacha (NTE) a chomhlíonadh atá leagtha amach i gCiorclán 0040/2013. Ní bheidh feidhm ag na riachtanais seo a thuilleadh do scoláirí a roghnaíonn chun tabhairt faoin gclár GCAT.

Tá an Ráiteas suas chun dáta ar an gClár GCAT ina léirítear na hathruithe seo ar fáil anseo.

## 8. Tuairisc suas chun dáta maidir leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Chun cur le roghanna na scoláirí níos mó agus chun tacú le conairí foghlama atá níos solúbtha laistigh den scoil, is féidir le scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) atá ag tosú sa chúigiú bliain rochtain a dhéanamh anois ar Mhatamaitic ATS agus, faoi réir coinníollacha áirithe NTI de chuid ATS más mian leo. B'fhéidir go roghnóidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta Seanbhunaithe (ATS) chomh maith le Feidhmchláir Mhatamaiticiúla ATF, nó seachas Feidhmchláir Mhatamaiticiúla ATF. Déanfaidh scoláirí ar mian leo staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga Iasachta (NTI) a leithéid chomh maith leis an gclár ATF.

Beidh cumas na scoláirí tabhairt faoi Mhatamaitic ATS agus/nó NTI an ATS lárnach do na cinntí a bhaineann le scoláirí ag déanamh rochtana ar an ábhar.

Tá an Ráiteas suas chun dáta ar an gClár ATF ina léirítear na hathruithe seo agus ina bhfuil eolas ar leith san áireamh maidir leis an teastasú ar fáil anseo.

## 9. Forbairt ar mhodúil leantacha na Sraithe Sinsearaí do scoláirí atá ag dul ar aghaidh ó Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí

Tá Grúp Forbartha um Oideachas Speisialta Iar-bhunscoile bunaithe ag an CNCM chun modúil leantacha de chuid na Sraithe Sinsearaí a fhobairt do scoláirí atá ag dul ar aghaidh ó Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

Beidh na modúil seo á dtabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2024.

## 10. Ráiteas Leasaithe ar Chlár na hIdirbhliana

Tabharfar Ráiteas nua ar Chlár na hIdirbhliana (TY) isteach in 2024. Tá dreacht den Ráiteas leasaithe ar an gClár ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2023. Tá dréacht den Ráiteas, agus sonraí faoin gcomhairliúchán ar fáil anseo.

## 11. Uasdátuithe amach anseo ar shocruithe curaclaim agus measúnaithe na Sraithe Sinsearaí

Tá na hathruithe agus forbairtí ar an tSraith Shinsearach atá leagtha amach i míreanna 7-10 i gcomhréir agus ag tacú leis an dul chun cinn i dtreo Sraithe Sinsearaí athfhorbartha, lena n-áirítear athruithe ar shocruithe curaclaim agus measúnaithe thar cheithre chlár de chuid na Sraithe Sinsearaí, mar a bhí fógartha ag an Aire Oideachais i mí an Mhárta 2022 agus i mí Mheán Fómhair 2023.

Beidh tuilleadh uasdátuithe ar athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí mar ábhar cumarsáide ar leith, a eiseofar in am trátha.

**Celeste O'Callaghan**
**Príomhoifigeach**
**An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta**
**12 Deireadh Fómhair 2023**